# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2503 ÓN gCOIMISIÚN

**an 19 Nollaig 2022**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 a mhéid a bhaineann le socruithe praiticiúla maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar mhoilisc dhébhlaoscacha bheo agus ar tháirgí iascaigh, nó a bhaineann le radaíocht ultraivialait**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinneadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha maidir leis rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais, *inter alia*, i réimse na sábháilteachta bia ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh a fhiorú. Go háirithe, déantar foráil ann maidir le rialuithe oifigiúla i ndáil le táirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625.

(3) Le hAirteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 leagtar síos oibleagáidí le haghaidh an tréidlia oifigiúil a mhéid a bhaineann le seiceálacha ar dhoiciméid, go háirithe chun deimhnithe oifigiúla dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ón gCoimisiún ([3]) a chur san áireamh. Déantar tagairt don deimhniú mícheart, áfach, agus dá bhrí sin ba cheart an tagairt sin a cheartú. Ós rud é go ndearnadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 a aisghairm agus na deimhnithe sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ([4]) a chur in ionad na ndeimhnithe, is iomchuí freisin na tagairtí cearta do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a chur in ionad na dtagairtí uile do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628.

---

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 maidir le deimhnithe oifigiúla samplacha le haghaidh ainmhithe agus earraí áirithe agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 a mhéid a bhaineann leis na deimhnithe samplacha sin (IO L 131, 17.5.2019, lch. 101).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

(4) Le hAirteagal 45, pointe (l), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 leagtar síos go bhfuil faoil úr le dearbhú mar fheoil atá mí-oiriúnach mar bhia don duine má cóireáladh í go neamhdhleathach le radaíocht ianúcháin, radaíocht ultraivialait san áireamh. Formhór na radaíochta ultraivialait, ní ceart a mheas gur radaíocht ianúcháin mar a shainmhínítear í in Airteagal 4, pointe (46) de Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle ([5]) í, dá bhrí sin ba cheart Airteagal 45, pointe (l), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 a leasú.

(5) Na ceanglais shonracha maidir le rialuithe oifigiúla a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha bheo ó limistéir táirgthe aicmithe agus ó limistéir athsheachadta aicmithe, níl feidhm acu maidir le *Holothuroidea* beo nach scagbheathóirí iad, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627.

(6) Le Rialachán (AE) 2021/1756 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) leasaíodh Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/625, leasú lenar leathnaíodh chun na heicínideirmigh uile nach scagbheathóirí iad a chumhdach, agus ní *Holothuroidea* amháin, an fhéidearthacht maolú ar an gceanglas na limistéir táirgthe agus athsheachadta a aicmiú, ar ceanglas é a leagtar síos in Airteagal 18(7), pointe (g), de Rialachán (AE) 2017/625. De bhreis air sin, bunaithe ar Airteagal 18(7)(g) de Rialachán (AE) 2017/625, le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2022/2258 ([7]) leasaíodh Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún ([8]), sa chaoi nach gceanglaítear limistéir táirgthe agus athsheachadta a aicmiú i ndáil le gabháil eicínideirmeach nach scagbheathóirí iad. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 a leasú dá réir sin.

(7) Le hAirteagal 71 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, leagtar síos rialacha a bhaineann leis na cinntí is féidir leis na húdaráis inniúla a dhéanamh tar éis rialuithe ar tháirgí iascaigh. I bpointe (a) den Airteagal sin déantar, trí bhotún, tagairt do Roinn VII seachas do Roinn VIII maidir le táirgí iascaigh d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ar chúiseanna comhsheasmhachta, ba cheart an tagairt sin in Airteagal 71 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 a cheartú.

(8) Le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 bunaítear socruithe praiticiúla i ndáil le rialuithe oifigiúla ar tháirgí iascaigh i gcomhréir le hAirteagal 70 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Go háirithe, sainítear ann na modhanna anailíse atá le cur i bhfeidhm i gcás ina n-eascraíonn aon amhras as an scrúdú orgánaileipteach maidir le húire na dtáirgí iascaigh. Ina thuairim eolaíoch ([9]), shainaithin EFSA modhanna atá in ann idirdhealú a dhéanamh idir éisc "shárfhuaraithe" agus éisc a ndearnadh iad a reo roimhe seo agus a chuirtear i láthair ar bhonn tráchtála mar éisc "shárfhuaraithe". Toisc gur cheart na modhanna anailíse sin a chur le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 a leasú agus a cheartú dá réir.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([5]) Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaíoch, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2021/1756 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch a onnmhairítear ó thríú tíortha chuig an Aontas chun comhlíonadh an toirmisc ar úsáidí áirithe frithmhiocróbach a áirithiú agus Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a mhéid a bhaineann le soláthar díreach feola ó éanlaith chlóis agus ó ghiorriaigh (IO L 357, 8.10.2021, lch. 27).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2258 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh, le huibheacha agus le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe, agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le moilisc dhébhlaoscacha áirithe (IO L 299, 18.11.2022, lch. 5).

([8]) IO L 131, 17.5.2019, lch. 1.

([9]) *EFSA Journal* [Iris EPSA] 2021;19(1):6378.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 mar a leanas:

(1) In Airteagal 10:

“(a) I mír 2, in ionad “i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ón gCoimisiún([9])” cuirtear “i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún (*)”

(*) RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/2235 ÓN gCOIMISIÚN an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1)”;

(b) I mír 3, cuirtear “i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún” in ionad “i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628 ón gCoimisiún”

(2) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

“(l) má cóireáladh í go neamhdhleathach le radaíocht ianúcháin nó le radaíocht ultraivialait;”;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:

“*Airteagal 51*

**Eisiamh**

Tá feidhm ag an Teideal seo maidir le moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh bheo, túinicigh bheo agus gastrapóid mhuirí bheo. Níl feidhm ag an Teideal seo maidir le gastrapóid mhuirí bheo nach scagbheathóirí iad ná le heicínideirmigh bheo nach scagbheathóirí iad.”;

(4) in Airteagal 71, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) léirítear le rialuithe oifigiúla a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 70 nach bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais orgánaileipteacha, cheimiceacha, fhisiceacha nó mhicribhitheolaíocha ná le ceanglais maidir le paraisítí mar a leagtar síos i Roinn VIII d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nó Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005”;

(5) in Airteagal 72, pointe 1, cuirtear “an deimhniú sláinte caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 29 d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.” in ionadan “deimhniú sláinte caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil B de Chuid II d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628.”

(6) in Iarscríbhinn VI, Caibidil I, pointe B, “Táscairí úire”, cuirtear an mhír seo a leanas isteach idir an chéad agus an dara mír:

“I gcás ina n-eascraíonn aon amhras as an scrúdú orgánaileipteach go gcuirtear éisc a ndearnadh a reo roimhe seo i láthair ar bhonn tráchtála mar éisc úr, féadfaidh samplaí a thógáil chun críoch fíorúcháin agus féadfar iad a chur faoi réir tástálacha saotharlainne amhail an tástáil Hiodrocsaiaicil-dihidrigionáis chomheinsím A (HADH), histeolaíocht, speictreascópacht ultraivialait-infheicthe-neas-infridhearg (UV-VIS/NIR) agus íomháú hipirspeictreach.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN